



C/2025/5947

17.11.2025

**Achomharc arna thabhairt an 2 Deireadh Fómhair 2025 ag Yuri Schefler i gcoinne ordú na Cúirte
Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) a fógraíodh an 24 Iúil 2025 i gCás T-430/24, Schefler v an
Chomhairle**

(Cás C-650/25 P)

(C/2025/5947)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Achomharcóir: Yuri Schefler (ionadaí: P. Blanchetier, Dlíodóir)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an t-ordú ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 24 Iúil 2025, *Yuri Schefler v an Chomhairle* (T-430/24, ECLI:EU:T:2025:770) a chur ar ceal;
- i gcomhréir le hAirteagal 170 de na Rialacha Nós Imeachta, má dhearbhaítear go bhfuil bunús maith leis an achomharc, an t-ordú a bhí á lorg os comhair na Cúirte Ginearálta a dheonú agus, dá bhrí sin, Airteagal 1(6)(a) de Rialachán (AE) 2024/1745 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine ⁽¹⁾ lena leasaítear Airteagal 3d(1) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ⁽²⁾ a chur ar neamhní agus, mar mhalairt air sin, léiriú a dhéanamh ar Airteagal 1(6)(a) de Rialachán Uimh. 2024/1745 ar bhealach nach bhfuil feidhm aige maidir le staid Yuri Schefler mar gheall ar a stádas dídeanaí, a shaoránacht Bhriotanach, a easpa naisc eacnamaíocha, shóisialta nó naisc eile leis an Rúis, tar éis dó a rún aonchiallach a léiriú chun saoránacht na Rúise a thréigean, a bhfághtar a hiarmhairtí faoi rogha na Cúirte Breithiúnais;
- a ordú don Chomhairle costais agus caiteachas na n-imeachtaí a íoc, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an iarratasóir.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena achomharc, maíonn an t-achomharcóir saincheist dlí amháin.

An chéad saincheist dlí agus an t-aon saincheist dlí amháin: tá trí chuid sa shaincheist dlí seo, bunaithe ar earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta san ordú atá faoi achomharc:

- 1) Trína chinneadh nach bhfuil dlínse aici freagra a thabhairt ar an iarraidh ar dhearbhuí nach bhfuil an fhoráil atá faoi chonspóid infheidhme maidir leis an achomharcóir ar an bhforas go bhfuil breithiúnas dearbhaitheach á lorg aici, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí i míreanna 12 agus 13 den ordú atá faoi achomharc;
- 2) Agus í ag cinneadh nach mbaineann an t-achomharcóir go leithleach leis an mbeart atá faoi chonspóid agus nach bhfuil seasamh aige chun imeachtaí a thionscnamh ar bhonn an dara cuid den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí i míreanna 28 go 35 den ordú atá faoi achomharc;
- 3) Trína mheas go bhfuil bearta cur chun feidhme i gceist leis an bhforáil atá faoi chonspóid agus nach bhfuil seasamh ag an Achomharcóir chun imeachtaí a thionscnamh ar bhonn an tríú habairt den cheathrú fomhír d'Airteagal 263 CFAE, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí i míreanna 48 go 78 den ordú atá faoi achomharc.

⁽¹⁾ IO L, 2024/1745.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine (IO 2014, L 229, lch. 1).